


*‘Formative assessment is the process of seeking and interpreting evidence for use by learners and their teachers to decide where the learners are in their learning, where they need to go and how best to get there’*

...Assessment Reform Group (2002)

# Scoláirí mar Fhoghlaimeoirí Neamhspleácha

Scoláirí a ghníomhachtú chun féinrialú a dhéanamh ar a gcuid foghlama

## CAD É?

Méadaíonn guth agus rogha sa seomra ranga Ceoil rannpháirtíocht agus spreagadh na scoláirí. Cothaíonn obair neamhspleách féinrialaithe agus scil an mhachnaimh toilteanas agus cumas féinmheasúnú, muinín a fhorbairt, agus neamhspleáchas.

## MAR SIN cad é an fhuaim a bheadh air sin i seomra an Cheoil?

**Féinrialú tasc agus próisis araon**

Iarr ar scoláirí smaoineamh ar CAD a d'fhoghlaim siad agus CONAS a d'fhoghlaim siad é

| An Tasc (Cad é) | An Próiseás (Conas) |
|---|---|
| Is é an rud is tábhachtaí a d'fhoghlaim mé ná... | Bhain mé taitneamh as/níor thaitin sé liom a bheith ag foghlaim ar an mbealach seo, mar... |
| Ba é an chuid ba shuimiúla ná... | An rud a shíl mé a bheith deacair... |
| Ceist atá agam ná... | An rud a chabhraigh liom foghlaim... |
| Scil a d'úsáid mé ná.... | D'fhoghlaimeoinn níos fearr é dá... |

Tugann **Machnamh agus Féinchaint** deis do scoláirí nasc pearsanta a dhéanamh lena gcuid foghlama. Tarlaíonn cuid mhaith de sin ag ócáidí ciúine agus iad leo féin, áfach. Tá a fhios againn go bhfuil machnamh gan ghníomh chomh neamhtháirgeach le gníomh gan mhachnamh. B'fhéidir go dteastódh cabhair ó scoláirí a gcuid scileanna féin a fhorbairt sa smaointeoireacht mhachnamhach agus sa chaint.
Cuirtear trí cheist i straitéis amháin dá leithéid: Cad é? Agus Cad é Faoi? Agus Cad é Anois? m.sh.,

**CAD É** atá foghlamtha agam?

**MAR SIN, CAD É** a insíonn sé sin dom faoi mo láidreachtaí/bearnaí sa tuiscint?

**ANOIS CAD É** is féidir liom a dhéanamh chun mo chuid foghlama a fheabhsú? / na chéad chéimeanna eile atá agam? / mo spriocanna chun bogadh ar aghaidh?

...Rolfe et al. (2001)



**Le haghaidh tuilleadh straitéisí** íoslódáil [Leabhráin Díriú ar an bhFoghlaim CNCM]

**Roinn cur chuige eile a oibríonn duit i do sheomra ceoil**

## AGUS CAD É ANOIS?

- Cé chomh mór le linn pleanála a bhreithním/mid ábhair spéise scoláirí chun cabhrú leo úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama?
- Conas is féidir liom/linn straitéisí a léiriú do scoláirí chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid foghlama féin?
- Cad iad na straitéisí a úsáidim/mid chun scoláirí a spreagadh agus a mhealladh chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama?



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers